



Plean Straitéiseach

2019-2023

GAILEARAÍ
NÁISIÚNTA^{na}
hÉIREANN

NATIONAL
GALLERY of
IRELAND





Plean Straitéiseach 2019-2023 Clár ábhar

Teachtaireacht ón gCathaoirleach	2
Brollach ón Stiúrthóir	5
Sracfhéachaint ar Uimhreacha – 2017	7
Cé Sinn	8
Dúshláin & Deiseanna	9
Ár gCuspóirí a Chur i bhFeidhm	15

Teachtaireacht ón gCathao- irleach

Cuirtear i láthair leis an bplean straitéiseach seo tosaíochtaí agus cláir an Ghailearaí idir 2019 agus 2023. Forbraíodh é tar éis dianphlé i measc na foirne, arna chomhordú ag foirne Feidhmiúcháin an Ghailearaí, cheadaigh na Gobharnóirí agus na Caomhnóirí, agus an tAire Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta Josepha Madigan TD é ag deireadh 2018. Tá aidhmeanna an phlean straitéisigh seo ag teacht leis na ráitis straitéise is déanaí a d'fhoilsigh an tAire agus an Roinn Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta.





Tar éis na sciatháin stairiúla a athoscailt i mí an Mheithimh 2017 tar éis athchóirithe fhairsing, tráth iomchuí atá ann tosaíochtaí an Ghailearaí a athshocrú. Trí thaispeántas nua den bhailiúchán buan, in éineacht le dianchlár de ghníomhaíochtaí poiblí agus oideachais, cuirtear an cuairteoir chun tosaigh inár gcuid smaointeoireachta. Trí dhul chun cinn breise a dhéanamh maidir leis an mbailiúchán a dhigitiú agus ábhar tarraingteach a chruthú ar láithreán gréasáin an Ghailearaí, cuirtear an Gailearaí ar fáil dóibh siúd nár thug cuairt air fós.

Is í an phríomhfhorbairt sna cúig bliana seo atá amach romhainn ná fócas a choinneáil ar Mháistirphlean Forbartha (MDP) an Ghailearaí a chur i gcrích. Le fógra ón Rialtas go luath in 2018 maidir le maoiniú caipitil do thionscadail infreastruchtúir chultúrtha faoi Tionscadal Éireann 2040, cuirtear cistí poiblí ar fáil chun an uaimhian fhadtéarmach seo a bhaint amach. In éineacht leis an deis eisceachtúil seo chun feabhas ollmhór a chur ar áiseanna agus saoráidí an Ghailearaí, beidh an Gailearaí ag forbairt a chlársceidealaithe poiblí sna cúig bliana atá amach romhainn, chomh maith le hullmhúcháin a dhéanamh chun acmhainní a sholáthar don MDP a cuireadh i gcrích. Cuireann na gníomhartha seo taca faoinár misean chun muintir na hÉireann agus cuairteoirí ó thar lear a thabhairt níos gaire don ealaín atá á choimeád againn ar mhaithe leo.

Michael Cush

**CATHAOIRLEACH, BORD GOBHARNÓIRÍ & CAOMHNÓIRÍ,
GAILEARAÍ NÁISIÚNTA NA HÉIREANN**



Brollach ón Stiúrthóir

Léiríonn an plean straitéiseach cúig bliana seo tosaíochtaí an Ghailearaí i gcomhthéacs an phlean straitéisigh is deireanaí de chuid na Roinne Cultúir, Oidhreacht agus Gaeltachta agus na sraitheanna de phleananna don infreastruchtúr cláir agus cultúir le déanaí faoi Tionscadal Éireann 2040.



Is é príomhghnóthachtáil na tréimhse atá clúdaithe ná athoscailt sciatháin stairiúla athchóirithe an Ghailearaí, mar aon le clár suntasach taispeántas, gníomhaíochtaí agus imeachtaí a chuireann an Gailearaí chun tosaigh i measc fhorais chultúir náisiúnta an stáit. Léiríonn sampla iontach na sciathán athchóirithe cumas na bhforas cultúrtha spriocphobail nua a mhealladh agus líon méadaithe cuairteoirí a thabhairt ó Éirinn agus ó thar lear.

Le fógra an Rialtais in 2018 maidir le caiteachas méadaithe ar na healaíona, agus ar an infreastruchtúr cultúrtha, cuirtear ar chumas an Ghailearaí dul chun cinn breise a dhéanamh chun an Máistirphlean Forbartha (MDP) a chur i gcrích. Le hathbhreithnithe measartha ar phleananna atá ann cheana agus comhtháthú de thrí theach ar Chearnóg Mhuirfean, leagtar amach an bealach chun cinn chun cead pleanála a iarraidh agus tréimhse thógála a bheith ann as a dtiocfaidh an athfhorbairt is uailmhianaí i stair an Ghailearaí.

Is iad na hullmhúcháin don Ghailearaí a bheidh ann tar éis na n-oibreacha seo a chuireann taca faoi na forbairtí seo. Leanfar le forbairt ar bhainistíocht na foirne agus na gclár, rud a thabharfaidh eispéireas saibhrithe ar na hamharcealaíona do go leor cuairteoirí agus don lucht tacaíochta ar líne agus ar an láthair.

Sean Rainbird

STIÚRTHÓIR, GAILEARAÍ NÁISIÚNTA NA HÉIREANN



InGailearaí Náisiúnta na hÉireann, an t-ionad cuairteoirí saor in aisce is mó a bhfuil tóir air sa tír, tá bailiúchán ealaíne ón Eoraip agus ó Éirinn ó thart ar 1300AD ar aghaidh, mar aon le Leabharlann agus Cartlann fhairsing.

- ✍ Bunaíodh é le hAcht Parlaiminte in **1854**, agus osclaíodh é don phobal in **1864**
 - ✍ Tá breis agus **16,300** saothar ealaíne ann, lena n-áirítear **2,680** péintéireacht ola agus breis agus **12,000** saothar ar pháipéar
 - ✍ Tá saothair ann a léiríonn an fhorbairt ar **scoileanna móra Eorpacha na péintéireachta** – ón mBreatain, ón Ísiltír, ón bhFlóndras, ó bhFrainc, ón nGearmáinis, ón Iodáil agus ón Spáinn – mar aon le bailiúchán cuimsitheach de mhínealaín ó Éirinn agus bailiúcháin Leabharlainne agus Cartlainne
 - ✍ Tá an **Bailiúchán Náisiúnta Portráidí** ann
 - ✍ Leathnaíodh é i **1903** (Sciathán Milltown), i **1968** (Sciathán Beit) agus in **2002** (Sciathán na Mílaoise)
- Ainmníodh an Gailearaí le haghaidh Mhúsaem Eorpach na Bliana (2018) agus bhuaigh sé Gradam Foirgnimh Phoiblí/ Chultúir Institiúid Ríoga Ailtirí na hÉireann (2018), agus is é a mhísean leanúnach freastal ar ár gcuairteoirí agus cuidiú leo tairbhe agus taitneamh a bhaint as na hamharcealaíona. Tá cead isteach chuig an mbailiúchán saor in aisce do chách chun taitneamh a bhaint as, chun foghlaim agus chun inspioráid a ghlacadh uaidh.



Sracfhéachaint ar Uimhreacha – 2017

1,065,929

CUAIRT AR AN
NGAILEARAÍ, +41%
AR 2016



414,958

CUAIRT AG CUSTAIMÉIRÍ
AR AN SIOPA,
+50% AR 2016



1.5m

CUAIRT AR AN
LÁITHREÁN GRÉASÁIN
AGUS AR NA MEÁIN
SHÓISIALTA



102,362

CUARTEOIR A GHLAC
PÁIRT SA CHLÁR
OIDEACHAIS



186

OIBRÍ DEONACHA

532,000

DUINE A FUAIR
POSTÁIL AONAIR
NA MEÁN SÓISIALTA
A CHUIR *FOR THE LOVE
OF ART* LE F.W. BURTON
CHUN CINN



101,126

DUINE A THUG CUAIRT
AR AN TAISPEÁNTAS
*VERMEER AND
THE MASTERS OF
GENRE PAINTING*



2,842

BALLRAÍOCHT
CHAIRDE



54

PATRÚIN EALAÍN
ÉIREANNACH

16,364

SAOTHAR EALAÍNE SA
BHAILIÚCHÁN IN 2017



102

CEANNACHÁN NUA
IN 2017



2,024

TAIGHDEOIR A THUG
CUAIRT AR SHEOMRAÍ
LÉITHEOIREACHTA
LEABHARLAINNE &
CARTLAINNE



3,968

TEIDEAL CURTHA
LE BAILIÚCHÁIN
BHIBLEAGRAFACHA



37

BALL FOIRNE NUA
EARCAITHE

Cé Sinn

Misean

Chun aire a thabhairt don ealaín, í a léirmhíniú, a fhorbairt agus a thaispeáint ar bhealach a fhágann go bhfuil Gailearaí Náisiúnta na hÉireann ina áit spreagúil chun teacht ar ealaín

Fís

Eispéireas den scoth a spreagann spéis san ealaín agus tuiscint uirthi

Ár Ról

Tiomanta don ealaín agus daoine a thabhairt le chéile

Ár gCuspóir

Saolta a shaibhriú agus aire a thabhairt do na bailiúcháin atá i seilbh againn

Ár Luachanna

IONRACAS

Táimid aontaithe le rudaí a dhéanamh ar na cúiseanna cearta. Táimid anseo chun an t-eispéireas is saibhre is féidir ar an ealaín a chur ar fáil.

OSCAILTEACHT

Bímid i dteagmháil dhearfach le raon leathan spriocphobal agus páirtithe leasmhara, bíonn smaointe nua againn inár gcuid oibre. Glacaimid le héagsúlacht agus le spriocphobail atá ionadaíoch do shochaí na hÉireann comhaimseartha, agus cuirimid comhionannas chun cinn. Tá ár ndoirse oscailte don phobal seacht lá na seachtaine.

CRUTHAITHEACHT

Táimid cruthaitheach agus seiftiúil. Spreagaimid ár spriocphobal trína gcuid eolais agus taitnimh a mhéadú trí fhionnachtain agus nuálaíocht.

SAINEOLAS

Táimid tiomanta lena áirithiú go mbíonn sciar ag spriocphobal an Ghailearaí de ghníomhaíochtaí agus léargais a lán speisialtóirí an Ghailearaí.

Dúshlán & Deiseanna

Tá an Gailearaí ag teacht chun cinn i dtréimhse ina bhfuil athrú tapa sóisialta, polaitiúil agus eacnamaíoch. Leanann patrúin nua eisimirce agus inimirce le próifíl ár gcuariteoirí agus ár gclár a mhúnlú, a oiread agus an tábhacht mhéadaitheach a bhaineann le turasóireacht chultúrtha. Ní mór don Ghailearaí agus dá chláir na réaltachtaí nua náisiúnta agus idirnáisiúnta seo a léiriú, chomh maith leis an dúshlán a chuir siad romhainn.



Tá tábhacht mhéadaithe ag baint le taitneamhachtaí cultúrtha, iompair, oideachais agus tithíochta chun áit tarraingteach a dhéanamh de Bhaile Átha Cliath maidir le gnó agus infheistíocht. Is ionadaí tábhachtach é an Gailearaí ar an tábhacht atá ag baint le cultúr in Éirinn.

Mar gheall ar chead isteach saor in aisce chuig bailiúchán, bíonn cúiseanna speisialta ag teastáil ó chuariteoirí chun íoc as taispeántais ticéadaithe. Mar thoradh ar athruithe ar mhaoiniú poiblí, cruthaímid fócas nua ar fhoinsí féideartha ioncaim eile a aimsiú, ó thiomsú airgid go hoibríochtaí trádála.

Mar gheall ar Bhreathnóireacht, d'fhéadfadh go mbeadh tionchar ar líon na gcuariteoirí, ar ghluaiseacht daoine agus ealaíne, agus ar ár gcumas comhoibriú le hinstiitúidí sa Ríocht Aontaithe.

Ós rud é nach bhfuil an fhísealaíon i measc na n-ábhar curaclaim, ní mór don Ghailearaí cláir bheoga agus shaibhrithe a chur ar fáil do gach leibhéal foghlama.

Ár Spriocanna Cúig Bliana

Beidh fócas ag Gailearaí Náisiúnta na hÉireann ar thrí phríomhréimse straitéiseach sna cúig bliana atá amach romhainn:



1.

Fásfaidh agus feabhsóidh an Gailearaí a thairiscint agus a láithreach, trí líon mór cuairteoirí a mhealladh agus a lorg náisiúnta a fhás.

2.

Éistfidh an Gailearaí lena spriocphobal agus **rachaidh sé i dteagmháil** leis chun a chuid riachtanas a thuiscint agus chun cur ar a chumas rochtain a fháil air ar a dtéarmaí féin.

3.

Déanfaidh an Gailearaí infheistíocht ina thodhchaí fhadtéarmach agus **cosnóidh** sé ina leith sin de réir mar a thagann céim dheireanach an Mháistirphlean Forbartha chun deiridh. Déanfaidh an Gailearaí infheistíocht san fhoireann agus ullmhóidh sé na struchtúir eagrúcháin a theastaíonn chun tacú leis an bhforbairt seo agus lena chinntiú go soláthraíonn sé tairbhí fadtéarmacha.



Fás & Feabhsaigh

Leanfaidh an Gailearaí le líon na gcuairteoirí a fhás, a lorg digiteach a leathnú agus saineolas inmheánach a fhorbairt tuilleadh. Forbróimid láithreacht náisiúnta níos láidre trí na bunsraitheanna a leagan síos do Leabharlann & Chartlann Ealaíne an Ghailearaí Náisiúnta, d’Ionad Oideachais Ghailearaí Náisiúnta na hÉireann agus d’Ionad Caomhnaithe Ghailearaí Náisiúnta na hÉireann.



Déanfaimid ár gcomhpháirtíochtaí a dhoimhniú le heagraíochtaí eile Éireannacha agus idirnáisiúnta agus leathnóimid ár gclár thaispeántais, dhigiteacha agus oideachais lasmuigh de Bhaile Átha Cliath.

Beidh an Gailearaí ar lorg níos mó éagsúlachta agus spriocphobal atá ionadaíoch do shochaí na hÉireann, déanfaidh sé dul chun cinn mór maidir leis an mbailiúchán a dhigitiú, agus leagfaidh sé béim níos mó ar thaighde, chomh maith le pátrúnacht taighde agus staidéir, trí chomhaltachtaí a bhronnadh.

Leathnóidh an roinn Chaomhnaithe taighde eolaíoch ar shaothair ealaíne, agus forbrófar Lárionad ESB do Staidéar ar Ealaín na hÉireann ina shaoráid taighde is fearr ar ealaín na hÉireann. Leagfaidh an roinn Oideachais an bhunobair le haghaidh Ionad Oideachais Ghailearaí Náisiúnta na hÉireann, chun deiseanna nuálacha foghlama agus rannpháirtíochta a chur ar fáil.

Tacófar leis na huaillmhianta seo trí ioncam tráchtála méadaithe agus tiomsú airgid níos mó. Trí shócmhainní agus acmhainní an Ghailearaí a bhainistiú go cúramach agus go héifeachtach, uasmhéadófar tionchar na ngníomhaíochtaí seo.

Éist & Roinn

Déanfaidh an Gailearaí rannpháirtíocht an phobail a threisiú, inrochtaineacht a mhéadú, agus eolas agus taighde a fhorbairt agus a scaipeadh.



Méadóimid teagmháil leis an mbailiúchán agus spreagfaimid comhoibriú dlúth le músaem, gailearaithe, ollscoileanna, coláistí agus taighdeoirí eile in Éirinn agus thar lear.

I ndomhan atá ag éirí níos digití, neartóimid bailiú agus anailís sonraí, agus leanfaimid straitéisí faoi thionchar sonraí. Tacóidh sé seo le hobair an Ghailearaí agus na foirne, agus spreagfaidh sé ár spriocphobail ar bhealaí nárbh féidir a dhéanamh go dtí seo.

Cuirfimid an bailiúchán ar fáil do gailearaithe agus do mhúsaem Éireannacha eile, roinnfimid an bailiúchán go digiteach agus feabhsófar rochtain ar íomhánna an Ghailearaí. Tabharfaimid aird ar leith ar ár bhfreagrachtaí uathúla mar chaomhnóirí bhailiúchán ealaíne an stáit. Roinnfimid ár réimsí saineolais éagsúla i mbainistíocht mhúsaem chun tacú le gailaraithe agus le músaem Éireannacha eile.

Déanfaidh ár rannpháirtíocht sa phobal a threisiú trí chomh-chruthú fadtéarmach le príomh-chomhpháirtithe pobail, institiúidí tríú leibhéal agus foghlaimeoirí ar feadh an tsaoil. Rachaimid i dteagmháil le gach scoil sa tír, agus cinnteoidh go mbeidh an deis ag gach ceanna acu cuairt a thabhairt ar an nGailearaí.

Tá an Gailearaí, agus a chuid acmhainní foirne speisialaithe, ite go maith chun ceannaireacht a sholáthar i bhforbairt beartas ealaíon agus cultúrtha.



Infheistigh & Cosain

Is é an chéim dheireanach den Mháistirphlean Forbartha ná infheistíocht shuntasach i dtodhchaí fhadtéarmach an Ghailearaí. Bunóidh an Gailearaí spásanna agus limistéir stórála nua suntasach, déanfar athchóiriú ar thrí fhoirgneamh Seoirseacha ar Chearnóg Mhuirfean.



Leis an bhforbairt seo, tabharfar dúshláin agus deiseanna nua roimh ár bhfoireann. Déanfaimid infheistíocht i bhforbairt foirne agus i bhfolláine, agus i dteicneolaíochtaí nua chun cabhrú leo ina gcuid oibre agus chun an bailiúchán a chosaint.

Trí infheistíocht a dhéanamh inár n-áiseanna, inár bhfoireann agus inár dteicneolaíochtaí, cinnteimid go soláthraíonn Céim 4 den MDP tairbhí fadtéarmacha don rialtas, don bhailiúchán agus dár spriocphobal.

Leagfaimid béim ar an mbailiúchán náisiúnta a chaomhnú, a chosaint agus ar thaighde a dhéanamh air d'fhonn é a chosaint do na glúnta atá le teacht.





Ár gCuspóirí a chur i bhFeidhm

Oifig an Stiúrthóra

Dlíthiúil & Comhlíonadh

Comhlíonadh gach riachtanas rialála a áirithiú

Beartas

Ceannaireacht agus ábhar smaointeoireachta a sholáthar d'fhorbairt bheartais níos leithne

Forbairt

Cur le cumas an Ghailearaí ioncam a ghiniúint ó bhallaíocht, ó dhaonchairdeas agus ó chomhpháirtíochtaí corparáideacha

Cairde

Feabhas a chur ar an méid a chuirimid ar fáil agus dul chun cinn i dtreo sprioc fhadtéarmach de 10,000 ball ar mhaithe leis an nGailearaí



Bailiúcháin & Taighde

Caomhnú & Leathnú

Na bailiúcháin a chosaint don todhchaí agus iad a leathnú le príomhcheannacháin

Taighde & Doiciméadú

Taighde ar dhoiciméadú agus ar chatalógú na mbailiúchán a chur chun cinn agus a fheabhsú

Taispeántais & Foilseacháin

Cáilíocht agus infheictheacht ár dtaispeántas agus ár gcláir fhoilsithe a fheabhsú

Digitíú

Dul chun cinn suntasach a dhéanamh ar na bailiúcháin a dhigitíú

Comhoibriú

Comhoibriú a mhéadú le músaeim, gailearaithe, ollscoileanna, coláistí agus taighdeoirí in Éirinn agus thar lear



Rannpháirtíocht an Phobail

Fás ar líon na gCuartheoirí

Caidrimh agus infreastruchtúr a shocrú chun tacú le 1m cuairteoir gach bliain

Rannpháirtíocht an Spriocphobail

Éisteacht lenár spriocphobail agus comhoibriú leo chun go mbeidh siad in ann dul i ngleic leis an mbailiúchán ar bhealaí éagsúla

Comhchruthú

Infheistíocht a dhéanamh i gcomhchruthú fadtéarmach le comhpháirtithe sa phobal

Freastal Náisiúnta

Freastal náisiúnta an bhailiúcháin a fheabhsú trí ardáin dhigiteacha, cumarsáid agus clársceidealú



Seirbhísí Corparáideacha

Oibríochtaí

Coimpléasc an Ghailearaí a fhorbairt chun timpeallacht oibre shábháilte agus éifeachtúil a choinneáil don fhoireann, do chuartheoirí agus don bhailiúchán

Cúrsaí Tráchtála

Cumas an Ghailearaí a athdhíriú chun ioncam a ghiniúint ó réimse leathan deiseanna tráchtála, trí shamhail mhaoinithe níos comhsheasmhaí a fhorbairt

Seirbhísí Gnó

Samhail ghnó a ghlacadh a thacaíonn le cinnteoireacht straitéiseach eolasach agus le tuairisciú le sonraí láidre, agus úsáid éifeachtach acmhainní a áirithiú

Rialachas Corparáideach

Freagrachtaí a chomhlíonadh faoin gCód Cleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit agus faoi oibleagáidí an Achta um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair 2005. Rannpháirtíocht bhríoch le Ranna Rialtais agus le príomhpháirtithe leasmhara agus maoinitheoirí eile a chur chun cinn



Ár bhFoireann

Earcaíocht

An fhoireann is fearr is féidir a mhealladh agus a earcú mar phríomhthiománaí i ndáil le rath an Ghailearaí

Forbairt Ghairmiúil

Foireann a oiliúint, a fhorbairt agus tacú leo chun a n-uailmhianta gairme a bhaint amach agus a gcuid oibre a ailíniú le spriocanna straitéiseacha an Ghailearaí

Timpeallacht a chruthú inar féidir leis an bhfoireann fás agus cur le rath an Ghailearaí


Ceannaireacht & Bainistíocht

Cumas ceannaireachta agus bainistíochta a neartú agus tacú leis sin

An Timpeallacht Oibre

Timpeallacht oibre fhorásach, chomhoibritheach agus shláintiúil a chruthú a rachaidh chun tairbhe na foirne agus na gcuariteoirí araon

Struchtúr Eagrúcháin



Céim 4 MDP

Céim 4 MDP a chur chun tosaigh

An tionscadal eisceachtúil seo a thabhairt chun crích go rathúil. Ullmhúcháin a dhéanamh le haghaidh athchóiriú iomlán an Ghailearaí agus caighdeáin idirnáisiúnta a bhaint amach i ngach áis den mhúsaem

Áiseanna Nua

Spásanna is déanaí, saintógtha a bhunú do Chaomhnú, Oideachas, Leabharlann & Cartlanna agus Cúrsaí Tráchtála, chomh maith le spásanna taispeántais nua agus limistéir stórála nua.



Arna fhoilsiú in 2019 ag:

GAILEARAÍ NÁISIÚNTA NA HÉIREANN

Cearnóg Mhuirfean Thiar, Baile Átha Cliath 2, D02 K303

www.nationalgallery.ie

© 2019 Gailearaí Náisiúnta na hÉireann

Dearadh le:

WONDER WORKS

Creidmheasanna grianghrafadóireachta:

© JACK CAFFREY, THE PIMLICO PROJECT:

*Cumhdach tosaigh (barr), lgh. 2-3 (barr), 4 (barr ar dheis)
5, 6 (barr), 11, 12 (barr), 13 (barr), 17, 18 (ar dheis)*

© GRIANGHRAFADÓIREACTH FENNEL:

Cumhdach tosaigh istigh, lgh. 2-3 (íochtair), 6 (íochtair)

© GAILEARAÍ NÁISIÚNTA NA HÉIREANN:

Cumhdach tosaigh (íochtair), lgh. 3, 13 (íochtair)

© GRIANGHRAFADÓIREACTH MAXWELL:

lgh. 4 (íochtair), 10 (íochtair) 12 (íochtair), 19

© CONOR O'LEARY:

lgh. 4 (barr), 9, 18 (ar chlé), 21

© MARIE-LOUISE HALPENNY:

lgh. 14-15

© SHANE O'NEILL SON PHOTOGRAPHIC:

lch. 16

